Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**13340/25**

**ENER 469**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 539 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA<br>lena n-athbhreithnítear cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/941 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 539 final.

Faoi iamh: COM(2025) 539 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2025
COM(2025) 539 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**lena n-athbhreithnítear cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/941**

## 1. Réamhrá

Glacadh an Rialachán maidir le Riosca-Ullmhacht (AE) 2019/941 (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta) in 2019 mar chuid den Phacáiste 'Fuinneamh Glan do gach Eorpach' agus é mar aidhm leis a áirithiú go mbeidh uirlisí iomchuí ag na Ballstáit uile chun géarchéimeanna leictreachais a chosc, chun ullmhú dóibh agus iad a bhainistiú de mheon dlúthpháirtíochta agus trédhearcachta, agus na ceanglais maidir le margadh inmheánach iomaíoch don leictreachas á n-urramú an tráth céanna. Glacadh an Rialachán i gcomhthéacs an athraithe ó bhonn leanúnaigh atá ag teacht ar mhargaí leictreachais an Aontais, arb iad is saintréithe dó margaí níos díláraithe ina bhfuil níos mó gníomhaithe, cion níos airde d'fhuinneamh in-athnuaite agus margaí leictreachais atá idirnasctha ar bhealach níos fearr, rud a éilíonn bearta níos comhordaithe maidir le slándáil an tsoláthair.

Tá sé d'aidhm ag an Rialachán aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin trí bhearta éagsúla, is iad sin: (1) cásanna géarchéime leictreachais réigiúnacha agus náisiúnta a shainaithint, (2) measúnú ar rioscaí a bhaineann le húinéireacht an bhonneagair is ábhartha do shlándáil an tsoláthair leictreachais, (3) measúnuithe ar leordhóthanacht shéasúrach agus ghearrthéarmach, (4) pleananna riosca-ullmhachta, (5) bearta réigiúnacha agus déthaobhacha chun comhoibriú chun géarchéim a chosc nó a bhainistiú, (6) cleachtaí. Déantar measúnú sa tuarascáil seo ar chur i bhfeidhm na mbeart sin bunaithe ar an taithí a fuarthas agus é á chur chun feidhme[1] agus de bhun Airteagal 18(4) den Rialachán, lena gceanglaítear go n-ullmhófaí an tuarascáil seo faoin 1 Meán Fómhair 2025.

An tráth céanna, tá seiceáil oiriúnachta á hullmhú ag an gCoimisiún ina ndéanfar measúnú ar an gcomhsheasmhacht agus ar na sineirgí idir an Rialachán agus an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis (AE) 2017/1938. Leis an tuarascáil seo, an tuarascáil maidir le seiceáil oiriúnachta, chomh maith le measúnú tionchair atá le teacht, réiteofar an bealach chun athbhreithniú a dhéanamh ar chreat slándála fuinnimh an Aontais a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne[2] agus sa Straitéis um Aontas na hUllmhachta[3]. Leis an athbhreithniú cuirfear feabhas freisin ar shlándáil an tsoláthair leictreachais ar leibhéal an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar chomhtháthú an chórais agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn (e.g. tionchair an athraithe aeráide, bagairtí hibrideacha, etc.).

## 2. Anailís ar chur i bhfeidhm na bhforálacha atá sa Rialachán

### 2.1 Cásanna géarchéime leictreachais réigiúnacha agus náisiúnta a shainaithint

Ní mór don Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E) na cásanna géarchéime leictreachais réigiúnacha[4] is ábhartha a shainaithint gach 4 bliana i ndáil le leordhóthanacht córais, slándáil córais agus slándáil breosla, i ndlúthchomhar le roinnt

---

1 Ullmhaíodh an tuarascáil seo sula raibh conclúidí an Phainéil Saineolaithe a bhunaigh ENTSO-E chun imscrúdú a dhéanamh ar an lándorchú i gcórais chumhachta na Spáinne agus na Portaingéile an 28 Aibreán 2025 ar fáil. Dá bhrí sin, ní léirítear na conclúidí sin sa tuarascáil seo.

2 COM(2025) 79 final.

3 JOIN(2025) 130 final.

4 Faoin Rialachán maidir le Riosca-Ullmhacht, ciallaíonn 'réigiún' grúpa Ballstát a gcomhroinneann a n-oibreoirí córais tarchurtha an lárionad comhordaithe réigiúnach céanna.

páirtithe leasmhara[5] (Airteagal 6). Chun an méid sin a shainaithint, leantar modheolaíocht a fhorbraíonn ENTSO-E agus a fhormheasann an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)[6] (Airteagal 5). Is iad na cásanna réigiúnacha is bonn do na Ballstáit chun cásanna géarchéime leictreachais náisiúnta a shainaithint ina dhiaidh sin (Airteagal 7). Is iad an dá chineál cásanna an bunús chun bearta fónta coisctheacha agus maolaithe a cheapadh.

Rinne ENTSO-E an chéad mheasúnú ar chásanna géarchéime réigiúnacha i mí Mheán Fómhair 2020. Ina bPleananna Riosca-Ullmhachta (dá ngairtear 'na Pleananna' anseo feasta) a chuir siad faoi bhráid an Choimisiúin in 2022, níor choinnigh na Ballstáit ach na cásanna réigiúnacha a bhí ábhartha dóibh agus chuir siad cinn shonracha isteach i gcás inarb ábhartha (e.g. cás *Dunkelflaute* i gcás na hÍsiltíre). Bunaithe ar an taithí a fuarthas ón gcéad sainaithint cásanna, ón gcéad tacar pleananna agus ón moladh ón nGrúpa Comhordaithe Leictreachais[7], rinne ENTSO-E, i ndlúthchomhar le ACER agus leis an gCoimisiún, athbhreithniú ar an modheolaíocht. D'fhormheas ACER an mhodheolaíocht athbhreithnithe[8] sin in 2024 agus úsáideadh í don dara sainaithint cásanna géarchéime leictreachais réigiúnacha a tugadh i gcrích i mí Mheán Fómhair 2024. Áirítear ar na feabhsuithe ar an modheolaíocht tuairisc fheabhsaithe ar chásanna réigiúnacha, ionsamhlúcháin éigeantacha ar líon méadaitheach cásanna lena mbaineann leibhéal déine méadaithe, cur chuige nua ón mbarr anuas chun gné réigiúnach leathan a áirithiú ó chéimeanna luatha an phróisis sainaitheantais, agus idirchaidreamh leanúnach le páirtithe leasmhara.

Ba é sin an chéad uair a sainaithníodh tacar cásanna coincréiteacha réigiúnacha chun an obair ar bhearta a bhunú agus, ar an gcaoi sin, **méid áirithe comhsheasmhachta a sholáthar** ar fud na mBallstát. Is cloch mhíle nach beag é sin lenar tugadh le chéile Oibreoirí Córais Tarchurtha (OCTanna) agus údaráis náisiúnta chun breithniú a dhéanamh ar chásanna riosca lasmuigh de theorainneacha náisiúnta i bhfianaise gné réigiúnach roinnt rioscaí (e.g. samhraí diana, lena n-áirítear tonnta teasa, dóiteáin foraoise, triomach) agus leibhéal méadaithe idirnasctha an chórais leictreachais.

Mar sin féin, in ainneoin na bhfeabhsuithe atá bainte amach cheana féin, tá roinnt laigí ann fós. Ar an gcéad dul síos, bhí an **tuairisc ar na cásanna riosca i bhformhór na bpleananna náisiúnta sách ginearálta agus ní raibh sí leordhóthanach** chun tuiscint a fháil ar na tionchair choincréiteacha a bhí acu. B'amhlaidh an cás i gcásanna a bhain le hionsaithe mailíseacha chomh maith le teagmhais adhaimsire agus oiriúnú don athrú aeráide. Mar shampla, agus go háirithe i gcás cásanna a bhaineann leis an gcibearshlándáil, d'iarr an Coimisiún tuilleadh sonraí maidir le ceanglais chibearshlándála, nósanna imeachta teagmhais agus gníomhaithe ábhartha. Ar an dara dul síos, **ní raibh aon fhaisnéis choincréiteach ann chun na héifeachtaí iarmhartacha a d'fhéadfadh a bheith ag géarchéim gháis ar an earnáil leictreachais a chainníochtú** ionas go bhféadfaí an gá atá le bearta coisctheacha (réigiúnacha) féideartha a chinneadh, fiú i bhfianaise na n-athruithe suntasacha a d'eascair as ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin. Go deimhin, bhí ar roinnt Ballstát cásanna *ad hoc* a

5 An Grúpa Comhordaithe Leictreachais (Grúpa Saineolaithe arb é atá ann na Ballstáit, ACER agus ENTSO-E), lárionaid chomhordaithe réigiúnacha agus údaráis phoiblí sna Ballstáit.

6 Cinneadh ACER an 6 Márta 2020

7 Moladh arna eisiúint ag an nGrúpa Comhordaithe Leictreachais de bhun Airteagal 6(2) den Rialachán.

8 Cinneadh Uimh. 02/2024 ó ACER an 8 Márta 2024

reáchtáil nó tástálacha struis a dhéanamh chun tuiscint a fháil ar mhéid na dtionchar a bheadh ag teagmhas den sórt sin. Chun an cás sin a leigheas, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit an anailís ar na cásanna a dhoimhniú chun rioscaí geopholaitiúla, spleáchas ar bhreoslaí allmhairithe agus ar shlabhraí soláthair eile ó thríú tíortha agus éifeachtaí iarmharta ó earnálacha eile ar an earnáil leictreachais a chur san áireamh[9], [10]. Ar an tríú dul síos, roimh gheimhreadh 2022-2023 mheas ENTSO-E na toirteanna criticiúla gáis a raibh gá leo chun an earnáil leictreachais a oibriú le linn an gheimhridh chun tacú le cinnteoireacht ag rialtais. In ainneoin na réiteach ad hoc sin, léiríodh leis sin easnamh bunúsach i ngné lárnach de loighic na hullmhachta riosca leictreachais lena n-éilítear forálacha níos coincréití agus níos oibríochtúla agus tuilleadh machnaimh ar thionchar an spleáchais ar bhreoslaí iontaise allmhairithe.

Baineann saincheisteanna eile leis an **mbreithniú teoranta ar ghníomhaíochtaí coisctheacha agus maolaithe** laistigh de na hionsamhlúcháin cásanna, a bhféadfadh torthaí níos déine a bheith mar thoradh air ná mar a bheadh coinne leis go réasúnta sa chleachtas. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh torthaí níos suntasaí a bheith mar thoradh ar chásanna réigiúnacha ná cásanna náisiúnta. Chomh maith leis sin, tá an nasc le cásanna suaite soláthair agus bonneagair gáis nádúrtha ENTSOG lag, rud lena dtagtar ar an gconclúid fhoriomlán go bhfuil **an chomhsheasmhacht agus an comhordú trasearnála teoranta**, in ainneoin fhorálacha an Rialacháin.

Maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, saincheist choiteann ab ea an easpa breithnithe i ndáil le leochaileacht maidir leis an athrú aeráide agus i ndáil le riosca aeráide sna cásanna a d'fhéadfadh cuidiú le bearta coisctheacha a cheapadh chun nochtadh do rioscaí a bhaineann leis an aeráid a laghdú. Cé is moite de roinnt eisceachtaí, bhí léiriú soiléir ar an gcaoi a gcuideoidh forbairtí eangaí amach anseo le déileáil le hiarmhairtí na rioscaí sin in easnamh sna pleananna (féach freisin roinn 2.4). Ar deireadh, **ní mór cothromaíocht a aimsiú maidir leis an gcaoi a ndéantar an ghné náisiúnta a ionchorprú sna hionsamhlúcháin** chun an anailís réigiúnach a chomhlánú. I gcás ina bhfuil teorainn leis an ngné náisiúnta, d'fhéadfadh go ndéanfaí gannmheastachán ar thionchair cineálacha áirithe rioscaí (e.g. falscaithe), ach i gcás ina bhfuil sé rófheiceálach, tá baol ann go ndéanfaí measúnuithe ró-ilroinnte agus ródhírithe ar an leibhéal náisiúnta, rud nár réitíodh le rannpháirtíocht na Lárionad Comhordúcháin Réigiúnach.

## 2.2 Rioscaí a bhaineann le húinéireacht bonneagair atá ábhartha do shlándáil an tsoláthair leictreachais

Laistigh de cheithre mhí ó chásanna géarchéime réigiúnacha a shainaithint, ní mór do na Ballstáit aon riosca a bhaineann le húinéireacht bonneagair atá ábhartha do shlándáil an tsoláthair leictreachais a shainaithint agus fógra a thabhairt faoi[11] don Choimisiún agus don

[9] Mar shampla, an méadú ar an éileamh ar leictreachas chun críoch téimh in éagmais breoslaí eile.

[10] Bhí na hiarrataí ón gCoimisiún mar chuid de na tuairimí neamhcheangailteacha ón gCoimisiún a tugadh de bhun Airteagal 13(2) den Rialachán.

[11] Thug formhór na mBallstát (24) agus Tuaisceart Éireann fógra idir R4 2020 agus R1 2021. Thug Málta agus an Laitvia a bhfógra don Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais i mí an Mheithimh 2021, tar éis nós imeachta EU Pilot. Thug an Ghréig a fógra don Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais i mí an Mheithimh 2022, tar éis litir fógra fhoirmiúil.

Ghrúpa Comhordaithe Leictreachais ina leith (Airteagal 7(4) agus aithris (17)). Más ábhartha, ní mór do na Ballstáit aon bheart coisctheach nó maolaitheach ábhartha a chur in iúl freisin.

Thug na Ballstáit fógra maidir lena chéad mheasúnuithe ar na rioscaí sin i mí Eanáir 2021. Díríodh sna measúnuithe sin den chuid is mó ar bhonneagar tarchurtha, bonneagar atá, i roinnt mhaith cásanna, faoi úinéireacht stáit nó faoi úinéireacht eintiteas ina bhfuil leas tromlaigh ag an stát iontu. Níor shainaithin ach líon beag Ballstát rioscaí úinéireachta a d'fhéadfadh a bheith ann agus measadh nár dhócha go dtarlódh siad sin. Ina theannta sin, tá bearta coisctheacha agus ullmhachta i bhfeidhm ag formhór na mBallstát, amhail sásraí um scagadh le haghaidh infheistíochtaí díreacha coigríche nó nósanna imeachta sonracha lena rialaítear aistrithe úinéireachta. Rinneadh an measúnú arís i mí Eanáir 2025 agus bhí torthaí comhchosúla air.

Mar thoradh ar an bhforáil sin, rinneadh measúnú tiomnaithe ar rioscaí úinéireachta den chéad uair. Mar sin féin, **díríodh beagnach go heisiach ar eangacha tarchurtha agus dáileacháin. Ní gnách gur breithníodh sócmhainní ábhartha eile, amhail sócmhainní giniúna**, (cé is moite de roinnt eisceachtaí) fiú nuair a bhí scaireanna i sócmhainní giniúna ag fiontair faoi úinéireacht stáit ó thríú tíortha. Ciallaíonn sé sin freisin nár cuireadh san áireamh rioscaí trasearnála, e.g. na rioscaí sin a bhaineann le húinéireacht bonneagair ábhartha san earnáil gáis. Is réimse é sin ina bhfuil feabhas de dhíth.

### 2.3 Measúnuithe ar leordhóthanacht shéasúrach agus ghearrthéarmach:

Ní mór do ENTSO-E measúnuithe ar leordhóthanacht shéasúrach a dhéanamh ar leibhéal an Aontais roimh gach geimhreadh agus samhradh agus iad a fhoilsiú faoin 1 Nollaig agus faoin 1 Meitheamh faoi seach. Cé nach oibleagáid nua í an oibleagáid sin[12], ní mór na measúnuithe sin a dhéanamh de réir modheolaíocht choiteann nua (Airteagal 8). Ní mór modheolaíocht den sórt sin a úsáid le haghaidh na measúnaithe uile ar leordhóthanacht ghearrthéarmach, cibé acu ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach nó ar leibhéal an Aontais a dhéantar iad.

D'fhormheas ACER an mhodheolaíocht le haghaidh measúnuithe ar leordhóthanacht ghearrthéarmach agus shéasúrach i mí an Mhárta 2020, ar thogra ó ENTSO-E, agus tá sí in úsáid ag ENTSO-E ó shin chun an 'tIonchas Geimhridh' agus an 'tIonchas Samhraidh' a ullmhú. Is uirlis an-ábhartha anois iad na measúnuithe sin san ullmhú do gach séasúr agus go háirithe i gcásanna ina ndéanann rioscaí difear do roinnt Ballstát an tráth céanna, e.g. neamh-infhaighteacht giniúna i dtíortha ar tíortha onnmhairiúcháin iad go traidisiúnta. Thairis sin, ó rinne an Rúis ionradh iomlán ar an Úcráin, tá glacadh na n-ionchas Geimhridh tugtha ar aghaidh go dtí mí na Samhna agus bíonn plé roimh ré maidir le treochtaí breathnaithe agus réamhléargais ag an nGrúpa Comhordaithe Leictreachais ann i mí Dheireadh Fómhair freisin, d'fhonn níos mó ama a thabhairt chun bearta coisctheacha a ghlacadh roimh an ngeimhreadh.

Mar sin féin, tá deis ann fós feabhas a chur ar chúrsaí, maidir le héifeachtaí iarmhartacha ó earnálacha eile a bhreithniú, mar shampla. Bhí ríomh na dtoirteanna criticiúla gáis (féach roinn 2.1.) úsáideach, agus d'fhan sé in Ionchais Gheimhridh ina dhiaidh sin, ach léiríonn sé go bhfuil **gá le comhtháthú breise idir gás agus leictreachas,** i gcomhthéacs sciar méadaitheach de ghiniúint leictreachais in-athnuaite agus deireadh a chur de réir a chéile le gás iontaise, agus

12 Le hAirteagal 106(1 agus 2) de Rialachán (AE) 2017/1485, cuirtear de chúram ar OCTanna rannchuidiú leis an anailís uile-Eorpach ar ionchais gheimhridh agus samhraidh trí anailís ar leordhóthanacht limistéir rialaithe, cé go n-áirítear in Airteagal 8(3)(f) de Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 (aisghairthe) 'ionchais bhliantúla ar leordhóthanacht giniúna samhraidh agus geimhridh' i measc chúraimí ENTSO-E.

b'fhéidir earnálacha eile amach anseo (e.g. hidrigin). D'iarr roinnt Ballstát freisin go mbreithneofaí torthaí mheasúnú geimhridh ENTSOG san ionchas geimhridh don leictreachas, chomh maith le tuilleadh comhtháthaithe agus comhair idir an dá ENTSO.

Maidir leis an measúnú ar leordhóthanacht ghearrthéarmach, tá sé curtha chun feidhme cheana féin ag na lárionaid chomhordaithe réigiúnacha uile agus tá uirlis um leordhóthanacht ghearrthéarmach uile-Eorpach acu. Tá an measúnú ar leordhóthanacht ghearrthéarmach tábhachtach le haghaidh feasacht ar dhálaí agus chun srianta a d'fhéadfadh a bheith ann sa tréimhse seachtaine atá le teacht (an chéad 7 lá eile) a réiteach, agus dá bhrí sin is táscaire tábhachtach é maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an ghéarchéim leictreachais ar tí tarlú sna Ballstáit nuair atá leordhóthanacht á meas (i.e. an féidir leis an tír an t-éileamh sa tír sin a shásamh lena nginiúint agus lena malartuithe). Mar sin féin, ní áirítear leis an gcur chuige sin sreafaí cumhachta agus anailís slándála ar an gcóras, amhail naisc laga a shainaithint a bhféadfadh ró-ualú a bheith i gceist leo agus a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le teagmhais chascáideacha a imíonn ó smacht (N-k). Is féidir leis an anailís slándála gné bhreise a thabhairt maidir le slándáil an tsoláthair leictreachais. Dá bhrí sin, chuir roinnt Ballstát in iúl gur gá bonneagar tarchurtha a áireamh inti, rud atá in easnamh faoi láthair sna measúnuithe, toisc go bhféadfadh sé, i gcás géarchéim a bheadh ag bagairt orainn, forléargas a thabhairt ar chriosanna plódaithe féideartha a chuirfeadh bac ar shreabhadh an fhuinnimh chuig an áit a dteastaíonn sé.

### 2.4 Pleananna riosca-ullmhachta

Bunaithe ar na cásanna géarchéime leictreachais réigiúnacha agus náisiúnta, ní mór do na Ballstáit Pleananna Náisiúnta Riosca-Ullmhachta ('na pleananna') a ghlacadh agus a thabhairt cothrom le dáta gach 4 bliana tar éis dóibh dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus comhlachtaí náisiúnta ábhartha. Sula nglacfar iad, ní mór do na Ballstáit dul i gcomhairle leis na Ballstáit ábhartha ina réigiún, le Ballstáit ábhartha eile a bhfuil nasc díreach acu le chéile agus leis an nGrúpa Comhordaithe Leictreachais maidir le dréachtleaganacha dá bpleananna d'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú (Airteagal 10). Tugtar tuairisc in Airteagail 11 agus 12 ar inneachar éigeantach na bPleananna agus soláthraítear teimpléad san Iarscríbhinn freisin[13].

Ghlac na húdaráis inniúla náisiúnta a bPleananna agus thug siad fógra ina leith don Choimisiún le linn 2022[14], tar éis na gcomhairliúchán éigeantach. Rinne an Coimisiún measúnú ar na pleananna. Cé go raibh go leor acu cuimsitheach go leor maidir leis an tuairisc ar an gcreat náisiúnta, d'eisigh sé tuairimí[15] inar léiríodh **nach raibh forálacha an Rialacháin á gcomhlíonadh** agus d'iarr sé leasuithe. Ina iarraidh ar leasuithe, i bhfianaise na n-imthosca tar éis ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit, mar ábhar tosaíochta, an méid seo a leanas a dhéanamh: i) na pleananna a thabhairt cothrom le dáta le

13 Is iad seo a leanas príomhchaibidlí na bpleananna: i) achoimre ar na cásanna géarchéime leictreachais, ii) róil agus freagrachtaí an údaráis inniúil, iii) nósanna imeachta agus bearta atá le leanúint i gcásanna géarchéime leictreachais, iv) an comhordaitheoir géarchéime, agus faisnéis maidir le v) comhairliúcháin le páirtithe leasmhara le linn phróiseas ullmhúcháin na bpleananna agus maidir le vi) tástálacha éigeandála atá na húdaráis inniúla ceaptha a eagrú go tráthrialta.

14 Faoi sprioc-am an 5 Eanáir 2022, ní raibh Pleananna curtha isteach ach ag 14 Bhallstát. Thug 9 mBallstát eile fógra faoi dheireadh mhí Aibreáin 2022 agus tugadh fógra i dtaobh an Phlean dheireanaigh i mí na Nollag 2022 i ndiaidh sraith gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin ón gCoimisiún.

15 https://energy.ec.europa.eu/topics/energy-security/security-electricity-supply/risk-preparedness-plans-electricity-sector-national-competent-authorities-and-commissions-opinions_ga

béim phragmatach ar an tionchar a bheadh ag ganntanas breoslaí iontaise allmhairithe (ón Rúis), e.g. aistriú breosla, méadú ar an éileamh ar leictreachas i gcás ganntanas breoslaí eile le haghaidh téimh, ii) tástáil a dhéanamh ar an bplean roimh an ngeimhreadh; iii) na forálacha dlúthpháirtíochta a fhorbairt (féach roinn 2.7) agus iv) an measúnú ar na cásanna géarchéime a dhoimhniú (féach roinn 2.2).

Baineann iarrataí coiteanna eile ón gCoimisiún leis na nithe seo a leanas:

- an **tuairisc theoranta ar na cásanna géarchéime leictreachais náisiúnta** (féach roinn 2.1),
- an **sainmhíniú ar ghéarchéim leictreachais**, ós rud é gur gá do pháirtithe leasmhara agus do thíortha eile a thuar cathain a d'fhéadfaí éigeandáil a fhógairt agus, níos tábhachtaí fós, cathain a chuirfí bearta nach bhfuil margadhbhunaithe i bhfeidhm,
- na **tástálacha éigeandála sainordaitheacha** (féach roinn 2.8),
- faisnéis maidir leis an g**comhairliúchán sainordaitheach le páirtithe leasmhara** roimh bhunú an Phlean (Airteagal 10(1) den Rialachán),
- **tuilleadh faisnéise faoi roinnt beart náisiúnta**, lena n-áirítear nósanna imeachta, truicir agus dálaí maidir lena gcur i bhfeidhm, go háirithe maidir le bearta nach bhfuil margadhbhunaithe atá le gníomhachtú le linn géarchéim leictreachais (mar rogha dheiridh agus ar bhealach neamhshaobhach amháin),
- **pleananna chun eangacha a fhorbairt amach anseo** chun cuidiú le dul i ngleic leis na rioscaí sainaitheanta,
- na sásraí a úsáidtear **chun an pobal a chur ar an eolas faoi ghéarchéimeanna leictreachais**,
- na sásraí le haghaidh **comhair agus comhordaithe le Ballstáit lasmuigh dá réigiún** nó le tríú tíortha.

Is bunchloch den Rialachán iad na pleananna. Cuireann siad trédhearcacht ar fáil agus cumasaíonn siad comhordú na mbeart ar fud na réigiún. Go deimhin, tháinig ENTSO-E ar an gconclúid ina Ionchas Geimhridh 2022-2023[16] go mbeadh comhar trasteorann agus dlúthchomhar ar gach leibhéal ríthábhachtach le linn an gheimhridh sin chun a áirithiú go gcoinneodh córas cumhachta na hEorpa cothromaíocht ar bun idir soláthar agus éileamh agus thagair sé go sonrach don mhalartú maidir le pleananna riosca-ullmhachta.

Mar sin féin, tá deis ann feabhas a chur ar chúrsaí fós. Ós rud é nach ndearnadh cur síos mionsonraithe ar na cásanna, ní féidir teacht ar chonclúid maidir le cé acu a áiríodh nó nár áiríodh na bearta iomchuí uile chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta sna pleananna, agus cé acu ar glacadh nó nár glacadh iad. Tá an nasc trasearnála fós lag freisin, agus tá amhras ann an bhfuil cur chuige atá dírithe ar an todhchaí ag roinnt pleananna, mar a léirítear leis an mbreithniú teoranta ar fhorbairtí eangaí amach anseo.

I dtaobh nós imeachta, **is féidir a mheas go bhfuil na forálacha trom gan ghá**, maidir le pleananna a ghlacadh, maidir lena measúnú ag an gCoimisiún agus maidir leis an bhfreagra ar iarraidh an Choimisiúin ar leasuithe, rud a léiríodh le moilleanna iomadúla in ainneoin gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin. Thairis sin, cé gur chuir formhór na mBallstát tuilleadh sonraí san áireamh ina bpleananna tar éis na moltaí ón gCoimisiún, níor tugadh aghaidh ar na saincheisteanna uile, rud a léiríonn go bhfuil éifeachtacht na lúibe aiseolais teoranta. Déantar

16 Ionchas Geimhridh 2022-2023 ENTSO-E

éifeachtúlacht phróiseas riaracháin na bpleananna riosca-ullmhachta a phlé ar bhealach níos forleithne sa tuarascáil maidir le seiceáil oiriúnachta.

### 2.5 Bearta réigiúnacha agus déthaobhacha chun oibriú i gcomhar chun géarchéim a chosc nó a bhainistiú

Leis an Rialachán, bunaíodh sásra nua do na Ballstáit chun oibriú i gcomhar de mheon dlúthpháirtíochta chun géarchéimeanna a chosc nó a bhainistiú (Airteagal 15). I gcás ina bhfuil an cumas teicniúil is gá ann, ní mór do na Ballstáit cúnamh a thairiscint dá chéile trí bhearta 'réigiúnacha' nó 'déthaobhacha' [17] a bhfuil sé mar chuspóir deiridh acu an tsábháilteacht phoiblí agus an tslándáil phearsanta a chosaint. Ní mór na socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais is gá chun bearta réigiúnacha nó déthaobhacha den sórt sin a chur chun feidhme a chomhaontú roimh ré i measc na mBallstát, lena n-áirítear maidir le cúiteamh cóir. Ina dhiaidh sin, ní mór do gach Ballstát na bearta náisiúnta lena n-áirithítear cur chun feidhme agus forfheidhmiú iarbhír na mbeart dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt orthu ina phlean. Chuir an Coimisiún treoraíocht[18] ar fáil do na Ballstáit maidir le príomhghnéithe an chúitimh chóir agus gnéithe eile atá le cur san áireamh sna socruithe teicniúla agus airgeadais idir na Ballstáit chun an sásra cúnaimh a chur i bhfeidhm.

Bhí an fhaisnéis maidir leis na bearta sin in easnamh sna Pleananna den chuid is mó. I gcásanna áirithe (9), rinneadh tagairt sna Pleananna do shocruithe a bhí ann cheana le haghaidh comhar réigiúnach agus déthaobhach agus sainaithníodh roinnt beart a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, ach níor comhaontaíodh iad sin ná ní raibh siad glactha go fóill. Ceann de na cásanna is forbartha ab ea an Fóram Cúigthaobhach um Fhuinneamh[19], ar shínigh a chomhaltaí meabhrán tuisceana i mí na Nollag 2021 ina raibh liosta de bhearta comhchoiteanna a d'fhéadfadh a bheith ann a raibh tuilleadh anailíse le déanamh orthu. Shínigh Ballstáit na hEorpa Láir agus Thoir Meabhrán Tuisceana comhchosúil in 2022. I gcásanna eile (15), thagair na Ballstáit do shocruithe a bhí ann cheana i measc OCTanna ach in éagmais tuilleadh faisnéise maidir leis na bearta coincréiteacha, ní raibh sé soiléir an gcomhlíonfadh comhaontuithe den sórt sin ceanglais an Rialacháin. Níor cuireadh faisnéis mhór leis na pleananna leasaithe tar éis don Choimisiún faisnéis bhreise a iarraidh – ní dhearnadh ach aird a tharraingt iontu ar chaibidlíocht leanúnach lena gcomharsana. Is léir gur réimse é sin ina bhfuil gá le feabhas mór.

Ceapadh an sásra sin le haghaidh comhar déthaobhach agus réigiúnach ar bhealach a d'fhág solúbthacht mhór do chur chun feidhme na mBallstát trí fhorálacha agus ceanglais íosta a leagan síos. Cé go bhfuil tairbhe ag baint le cur chuige den sórt sin chun dálaí sonracha éagsúla a chur san áireamh, tá fianaise[20] ann go raibh dúshlán ag baint leis an gcur chun feidhme

17 Comhaontaítear bearta réigiúnacha laistigh de réigiún agus comhaontaítear bearta déthaobhacha idir dhá thír a bhfuil idirnasc leictreachais acu le chéile ach nach bhfuil sa réigiún céanna. Sainmhínítear réigiún in Airteagal 2 den Rialachán mar ghrúpa Ballstát a gcomhroinneann a OCTanna an lárionad comhordaithe réigiúnach céanna. Forálacha idirthréimhseacha arna gcur i bhfeidhm go dtí go mbunaítear na lárionaid chomhordaithe réigiúnacha (Airteagal 22 den Rialachán).

18 IO L 184, 12.6.2020, lgh. 79–93.

19 Is comhpháirtíocht réigiúnach é an Fóram Cúigthaobhach um Fhuinneamh lena n-áirítear na Ballstáit seo a leanas: An Bheilg, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Ostair.

20 Ag eascairt go háirithe as dhá cheardlann a d'eagraigh an Coimisiún leis na Ballstáit, i mí na Bealtaine 2023 agus i mí an Mheithimh 2024.

praiticiúil toisc go n-éilítear leis comhaontú agus plé roimh ré maidir le roinnt réimsí bunúsacha ina raibh tuairimíocht an-éagsúil ag na Ballstáit ina leith. Áirítear ar na dúshláin a tháinig chun cinn sainmhínithe éagsúla ar ghéarchéimeanna leictreachais, an sainmhíniú ar raon feidhme gníomhaíochtaí an údaráis inniúil le linn géarchéime, lena n-áirítear chun tacú le gníomhaíochtaí eile, sásraí cúitimh airgeadais a fhorbairt agus prótacail chumarsáide agus chomhordúcháin a bhunú. Cé go ndearna an Coimisiún roinnt iarrachtaí chun tacú leis na Ballstáit (e.g. soiléiriú ar an sainmhíniú ar ghéarchéim leictreachais lasmuigh d'inneachar an Rialacháin[21], míniú ar an nasc idir an Rialachán agus an Cód líonra maidir le héigeandálaí agus athbhunú[22], comhroinnt na gcleachtas atá ann cheana maidir le comhar réigiúnach agus roinnt beart atá ann cheana[23]), níor forbraíodh aon sásra nua um chomhar déthaobhach ná réigiúnach go hiomlán.

## 2.6 Cleachtaí

Ceanglaítear leis an Rialachán go ndéanfar tástáil thréimhsiúil ar éifeachtacht na nósanna imeachta sna pleananna chun géarchéimeanna leictreachais a chosc, lena n-áirítear sásraí maidir le comhroinnt faisnéise agus comhar. Ní mór féilire le haghaidh tástálacha éigeandála débhliantúla réigiúnacha agus, más infheidhme, náisiúnta a chur san áireamh sna pleananna ina mbeidh sonraí maidir leis na nósanna imeachta agus na gníomhaithe rannpháirteacha. Ní mór ceachtanna a fhoghlaimítear ó na tástálacha sin a léiriú in eagráin de na pleananna ina dhiaidh sin.

Go ginearálta, áirítear i bpleananna nó i leaganacha leasaithe pleananna faisnéis theoranta maidir leis na cleachtaí, faisnéis chineálach den chuid is mó maidir le nósanna imeachta cleachtais agus na páirtithe leasmhara rannpháirteacha. Tá an féilire sainordaitheach le haghaidh cleachtaí réigiúnacha agus náisiúnta amach anseo um ionsamhlúchán géarchéime fíor-ama in easnamh i gcás fhormhór na mBallstát. Ní raibh ach Ballstáit an Fhóraim Chúigthaobhaigh um Fhuinneamh[24] gníomhach go leor in eagrú cleachtaí géarchéime leictreachais, rud a chuir feabhas ar a gcuid pleananna (mar shampla, na prótacail chumarsáide). Thairis sin, níor thug ach Ballstát amháin tuairisc ar nasc idir an earnáil leictreachais agus an earnáil gáis sna tástálacha éigeandála.

Mar fhocal scoir, agus bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, **bhí na tástálacha ar na nósanna imeachta sna pleananna teoranta sa chás is fearr, fiú má aithníonn saineolaithe tairbhí na dtástálacha sin go forleathan.** Léiríonn sé sin gur cheart dul i dtreo forálacha níos saintreoraí maidir le cleachtaí agus go mb'fhéidir gur cheart ról éascaitheach a bheith ag gníomhaí eile i gcás cleachtaí réigiúnacha, bunaithe ar shampla Bhallstáit an Fhóraim Chúigthaobhaigh um Fhuinneamh. An tráth céanna, chuir roinnt toscairí de chuid na mBallstát a n-imní in iúl ag an nGrúpa Comhordaithe Leictreachais maidir le líon ard cleachtaí a bheith

[21] Fágann an Rialachán corrlach nach beag ag na Ballstáit chun sainmhíniú a thabhairt ar ghéarchéim agus iad ag iarraidh a chinneadh cad is 'ganntanas suntasach leictreachais' ann (Airteagal 2). Sa chleachtas, tá éagsúlacht i gceist leis sin, ó chineálacha cur chuige mionsonraithe agus sonrach, lena n-áirítear luachanna táscaire, go sainmhínithe an-chineálacha a thugann solúbthacht do na Ballstáit géarchéim a fhógairt ag brath ar na himthosca.

[22] Rialachán (AE) Uimh. 2017/2196 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2017 lena mbunaítear cód líonra maidir le héigeandálaí leictreachais agus athbhunú leictreachais, IO L 312, 28.11.2017, lgh. 54–85.

[23] An dara ceardlann a d'eagraigh an Coimisiún i mí an Mheithimh 2024.

[24] An Bheilg, an Ísiltír, Lucsamburg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ostair agus an Eilvéis.

beartaithe i réimsí éagsúla agus a bhaineann le leictreachas, rud a d'fhéadfadh tuirse cleachtaidh a chruthú agus a d'fhéadfadh, ar deireadh, teorainn a chur leis na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh cleachtaí mar a cheanglaítear leis an Rialachán. Sa réimse sin, tá deis mhór ann feabhas a chur ar chúrsaí agus sineirgí níos fearr a bhaint amach.

## 3. Conclúidí

**Le cur chun feidhme an Rialacháin, cuireadh ar chumas an Aontais dul chun cinn ábhartha a dhéanamh maidir le slándáil an tsoláthair leictreachais.** Leis sin, cuireadh ar fáil leis an chéad chreat coiteann aonfhoirmeach uile-Aontais riamh maidir le riosca-ullmhacht leictreachais, agus tá pleananna riosca-ullmhachta forbartha ag na Ballstáit, bunaithe ar chásanna géarchéime leictreachais réigiúnacha agus náisiúnta, de réir modheolaíochtaí aontaithe agus teimpléad coiteann.

**Mar sin féin, leagtar béim sa tuarascáil seo freisin ar roinnt réimsí a bhféadfaí feabhas mór a chur orthu.** Áirítear leis sin an gá atá le hanailís níos doimhne a dhéanamh ar chásanna géarchéime leictreachais réigiúnacha agus náisiúnta chun tacú le ceapadh beartas (bearta coisctheacha agus éigeandála), le bearta réigiúnacha agus déthaobhacha níos éifeachtaí a fhorbairt chun oibriú i gcomhar chun géarchéim a chosc nó a bhainistiú, agus le cleachtaí agus tástálacha éigeandála a úsáid chun éifeachtacht na bpleananna náisiúnta a áirithiú. Sainaithnítear sa tuarascáil seo freisin an easpa cur chuige comhtháite córais i ndáil le slándáil an tsoláthair agus athléimneacht an chórais, rud a chruthaíonn roinnt laigí sa chreat atá ann faoi láthair.

Ina theannta sin, breathnóidh an Coimisiún ar thoradh agus ar mholtaí an Phainéil Saineolaithe a bunaíodh i gcomhréir le dlí an Aontais chun imscrúdú a dhéanamh ar an lándorchú i gcórais chumhachta na Spáinne agus na Portaingéile an 28 Aibreán 2025. Tabharfaidh siad sin léargais bhreise a bheidh le breithniú san athbhreithniú ar an gcreat slándála fuinnimh agus é mar sprioc dheiridh aige a áirithiú go mbeidh ailtireacht slándála fuinnimh an Aontais láidir, athléimneach agus in ann saoránaigh agus gnólachtaí na hEorpa a chosaint ar dhúshláin sa todhchaí.

**Bhí tionchar mór ag roinnt imeachtaí ar an gcóras fuinnimh freisin ó tháinig an Rialachán i bhfeidhm, amhail** ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin agus rioscaí méadaithe maidir le bonneagar criticiúil fuinnimh. Mar fhreagairt ar na himeachtaí sin, chuir an tAontas dlús lena chuid oibre ar reachtaíocht nua chun bonneagar criticiúil a chosaint ar ionsaithe fisiciúla agus cibirionsaithe[25], rinne sé tástálacha struis ar bhonneagar criticiúil fuinnimh[26] agus neartaigh sé an comhar le gníomhaithe eile amhail ECAT[27]. Le déanaí, chuir an tAontas dlús leis na hiarrachtaí[28] chun feabhas a chur ar shlándáil a bhonneagair cáblaí faoin bhfarraige mar fhreagairt, i measc nithe eile, ar bhagairtí méadaitheacha ar chábhlaí cumhachta fomhuirí[29] a bhaineann le gníomhaíochtaí aindleathacha scáthchabhlach na Rúise. Níor cuireadh na forbairtí

[25] Treoir (AE) 2022/2557 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil, IO L 333, 27.12.2022, lch. 164. Treoir (AE) 2022/2555 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (NIS2), IO L 333, 27.12.2022, lch. 80.

[26] Féach Pointe 6 den Mholadh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le cur chuige comhordaithe ón Aontas chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú, IO C 20, 20.1.2023, lch. 1.

[27] Féach Tascfhórsa AE-ECAT maidir le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil

[28] COM/2025/440 final/2.

[29] JOIN (2025) 9 final.

déanacha sin san áireamh ach ar bhonn teoranta san ailtireacht fuinnimh atá ann faoi láthair agus i bhfoirm moltaí do na Ballstáit atá sna tuairimí ón gCoimisiún maidir leis na Pleananna e.g. chun torthaí na dtástálacha struis a chur chun feidhme nó chun comhar a mhéadú idir na húdaráis atá freagrach as slándáil an tsoláthair agus gníomhaithe cibearshlándála.

Ar an gcaoi chéanna, ní fhéadfadh an Coimisiún ach a mholadh do na Ballstáit breithnithe maidir leis an athrú aeráide, amhail leochaileacht maidir leis an athrú aeráide agus rioscaí aeráide, a chur san áireamh ina bpleananna. Tá an chéad Mheasúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide[30] riamh foilsithe ag an gCoimisiún Eorpach anois, inar thángthas ar an gconclúid go meastar gur san earnáil fuinnimh a bheidh an méadú is mó ar an damáiste bliantúil eacnamaíoch don bhonneagar criticiúil, i gcomparáid leis na hearnálacha iompair, tionsclaíochta agus sóisialta agus moltar ann pleanáil riosca aeráide a neartú san earnáil leictreachais[31]. Ina theannta sin, thíolaic an Coimisiún an Straitéis um Aontas na hUllmhachta[32] chun borradh a chur faoi chumas an Aontais na bagairtí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo atá os comhair an Aontais Eorpaigh a réamh-mheas, a chosc agus freagairt dóibh – ó theannas geopholaitiúil agus coinbhleachtaí geopholaitiúla, rioscaí cibearshlándála agus ionramhála faisnéise, go dtí an t-athrú aeráide agus rioscaí guaiseacha nádúrtha atá ag dul i méid. Foráiltear leis an straitéis sin go bhforbrófar measúnuithe cuimsitheacha an Aontais ar rioscaí agus bagairtí.

**Ina theannta sin, tá athrú ó bhonn ag teacht ar chóras fuinnimh na hEorpa i gcónaí mar gheall ar an ngá atá leis an ngeilleagar a dhícharbónú agus a leictriú**, a bhfuil a éifeachtaí inbhraite cheana féin. Ní mór don chreat ullmhú d'athruithe den sórt sin chun slándáil an tsoláthair san Aontas a chaomhnú.

I bhfianaise an mhéid uile atá thuas, is cosúil go bhfuil sé fíor-riachtanach **athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat atá ann cheana** chun a áirithiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua. Beidh torthaí na tuarascála seo agus na seiceála oiriúnachta mar bhonn eolais do thionscnaimh beartais an Choimisiúin amach anseo chun slándáil an tsoláthair leictreachais a fheabhsú ar leibhéal an Aontais.

[30] Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide

[31] COM(2024) 91 final.

[32] JOIN/2025/130 final.